# Uirlis Sórtála – Iolraithe agus Fachtóirí

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Láimhseáil Sonraí - sonraí a léiriú agus a léirmhíniú, rangú<br>Uimhreas - rialacha agus airíonna, patrúin agus gaolta<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• eolas atá de dhíth le haghaidh taisc a shainaithint agus a aimsiú, ag moladh foinsí cuí le teacht ar an eolas<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• suímh mhatamaiticiúla a léirmhíniú ag úsáid siombailí agus léaráidí cuí<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• ráitis ghinearálta a thuiscint agus a dhéanamh |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | sórtáil, Léaráid Venn, Léaráid Carroll, crann cinnteoireachta, uimhir phríomha, uimhir ilchodach, uimhir chearnach, uimhir dhronuilleogach, ré-uimhir, corruimhir, iolraí, fachtóir, níos mó, níos lú, palandróm |
| **Áiseanna** | Uirlis Sórtála Mol Mata, cártaí digite |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Agus uimhreacha 0-99 á bhfiosrú acu, sórtálann daltaí uimhreacha. Roghnaíonn siad a gcritéir féin agus léaráid sórtála. Critéir fhéideartha ná:

- corruimhreacha/ré-uimhreacha
- níos mó ná/níos lú ná
- fachtóirí/iolraithe
- uimhreacha príomha/triantánacha/cearnacha/ciúbaithe/dronuilleogacha
- palandróim

Is féidir an Uirlis Sórtála Mol Mata nó léaráidí priontáilte a úsáid leis an rud seo a dhéanamh.

### 2 Gníomhaíocht 2

Thig leis na daltaí triail a bhaint as uimhreacha trí dhigit agus ceithre dhigit. D'fhéadfadh siad triail a bhaint as codáin, deachúlacha, agus uimhreacha measctha. Ansin, thig leo ráitis 'fíor i gcónaí', 'fíor uaireanta', agus 'fíor riamh', nó conclúidí a chruthú, bunaithe ar an dóigh ar shórtáil siad a gcuid uimhreacha. Mar shampla, 'is iolraithe ar 2 iad na hiolraithe uilig ar 4'. Thig na hipitéisí a thástáil agus thig leis na daltaí fiosrúchán a dhéanamh thar thréimhse níos faide, agus a gcuid conclúidí a athrú de réir mar a aimsíonn siad fíricí nua.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá mhéad dóigh ar shórtáil tú d'uimhreacha?<br>• Cén t-airí atá i bpáirt ag an ghrúpa seo uimhreacha?<br>• Cá mhéad uimhir atá réidh agus cearnach?<br>• Cén t-airí is coitianta/neamhchoitianta? | • Cad é mar a shórtáil tú d'uimhreacha?<br>• Cad chuige ar roghnaigh tú an léaráid sórtála seo?<br>• Cad é mar atá a fhios agat go bhfuair tú na féidearthachtaí uilig maidir le sórtáil?<br>• Cad iad na patrúin a thugann tú faoi deara?<br>• Cad iad na ráitis nó rialacha a thig leat a chruthú bunaithe ar na huimhreacha a shórtáil tú? |

## Difreáil

Socraigh uimhreacha, critéir nó léaráid sórtála de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.